**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2005 **M51T**

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL - GNÁTHLEIBHÉAL**

**ÉISTEACHT - ÉIGEANTACH (100 marc)**

**DÉARDAOIN 23 MEITHEAMH - MAIDIN, 9. 30 go dtí 11.00**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❐ *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ❐ *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an trialsliocht. Muna féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhfeitheoir láithreach bonn.*
- ❐ *Bíodh cluas le héisteacht agat don ghíog rabhaidh agus do na fógraí ar an taifeadadh.*
- ❐ *Is féidir leat do chuid freagraí a scríobh de réir mar is áil leat féin, le linn an taifeadta, nó le linn na sosanna.*
- ❐ *Scríobh do chuid freagraí go léir san fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. Sna ceisteanna ina dtugtar rogha, cuir tic sa bhosca cuí.*
- ❐ *Bain leas as na spásanna laistigh den chlúdach cúil do shracobair.*
- ❐ *Ná tabhair aon pháipéir eile isteach leat i halla an scrúdaithe.*
- ❐ *Ní ceadmhach duit caint, cnagadh, nó crónán a dhéanamh ná canadh le linn an scrúdaithe seo.*

**C.1** Sliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh. 1* le Gearalt de Barra

- Ní sheinnfear an sliocht iomlán ach AON UAIR AMHÁIN. Seinnfear ansin codanna A, B agus C, a tógadh as an sliocht seo, TRÍ huaire.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.

**Cuid A, Barraí 1-26, agus an t-athdhéanamh de san áireamh.**



**Cuid B, Barraí 53-107. Ar an taifeadadh, seinnfear an tséis (barraí 53-70) trí huaire.**
**Ní thugtar na nótaí do na hathdhéanaimh.**



**Cuid C, Barraí 108-154. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.**

**Cuid A, Barraí 1-26, agus an t-athdhéanamh de san áireamh.**

(i) Is é an fonn a bhfuil an giota seo bunaithe air ná

❐ Lord Mayo's Delight ❐ Sí Bheag, Sí Mhór ❐ Coinséartó Uí Chearbhalláin

(ii) Ainmnigh na ceithre huirlisí atá ag seinm sa ghiota seo

1. ____________________ 2. ____________________

3. ____________________ 4. ____________________

(iii) Cuir cosa leis na nótaí ar an scór i mbarraí 4 agus 5 chun an rithim atá in easnamh orthu a líonadh isteach.

**Cuid B, Barraí 53-107**

(i) Líon isteach an t-amchomhartha atá ar iarraidh ar an scór i dtús an tsleachta.

(ii) Seinneann na huirlisí i dtús an tsleachta *senza vibrato*. Mínigh an téarma *senza vibrato*.

______________________________________________________

(iii) Déan cur síos ar an teicníocht i bpáirt an phianó sa chuid seo.

______________________________________________________

**Cuid C, Barraí 108–154. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.**

(i) Is é an cur síos is fearr ar cheol an tsleachta seo ná

❐ monafónach ❐ ilfhónach ❐ homafónach

(ii) Cloistear an tséis sa sliocht seo

❐ faoi dhó ❐ faoi thrí ❐ faoi cheathair

(iii) Déan cur síos ar dhá ghné de chuid stíl chumadóireachta Ghearailt de Barra ina *Cheathairéad Pianó Uimh. 1.*

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

**(25)**

**C.2** Seinnfear sliocht as *Cantata 78 Jesu, der du meine Seele* de chuid Bach TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanma.
- Tá imlíne an scóir clóbhuailte thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas

(i) Is é/iad a chanann an sliocht seo ná

❒ sopráin ❒ sopráin agus ailt ❒ teanóir agus doird ❒ cór SATD

(ii) Is é atá sa sliocht seo ná

❒ reacaireacht ❒ áiria ❒ córáil ❒ curfá

(iii) Cuir isteach na *hocht* nóta atá ar iarraidh i mbarraí 11 agus 12 ar an scór.

(iv) Is é atá ag **X** ná

❒ Dúnadh tánaisteach (iv–I) ❒ Lándúnadh (V–I) ❒ Leathdhúnadh (iv–V)

(v) Ainmnigh gluaiseacht AMHÁIN eile sa Chantáid seo agus sainaithin cineál an amhránaí/na n-amhránaithe sa ghluaiseacht sin.

Gluaiseacht: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Amhránaí/Amhránaithe: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C.3** Seinnfear sliocht as *Bohemian Rhapsody* de chuid Queen TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanma.
- Clóbhuailtear na liricí thíos.

1. Mama, just killed a man, Put a gun against his head,
2. Pulled my trigger, now he's dead.
3. Mama, life had just begun, But now I've gone and thrown it all away.
4. Mama, ooh, Didn't mean to make you cry.
5. If I'm not back again this time tomorrow, carry on,
6. Carry on as if nothing really matters.

- Freagair na ceisteanna seo a leanas

(i) Tógadh an sliocht seo

❒ as an intreoir ❒ as an bpríomhamhrán ❒ as an gcuid cheoldrámach

(ii) Sainaithin an DÁ uirlis as an liosta seo a leanas a sheinneann an tionlacan i línte 1 agus 2.

❒ sreangdhruma ❒ pianó ❒ treoirghiotár

❒ dordghiotár ❒ siombailí ❒ clingíní

(iii) Sainaithin slí AMHÁIN a n-athraíonn an tionlacan inti ag deireadh líne 3.

______________________________________________

(iv) Is é amchomhartha an tsleachta seo ná

❒ $\frac{6}{8}$ ❒ $\frac{3}{4}$ ❒ $\frac{4}{4}$

(v) Déan cur síos gairid ar stíl an tsleachta seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(10)**

**C. 4** Seinnfear sliocht as an *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* de chuid Tchaikovsky TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanma.
- Tá imlíne an scóir de bharraí 1-4 an tsleachta clóbhuailte thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas

(i) Tógadh an sliocht

☐ as an iontreoir ☐ as an bhfoilsiú ☐ as an bhforbairt

(ii) Is é atá luaite leis an tséis seo ná

☐ téama an Friar Lawrence ☐ téama an Ghrá ☐ téama an Aighnis

(iii) Is gnéithe de chuid an tsleachta seo iad

☐ nótaí troitheáin ☐ canóin ☐ inbhéartú

(iv) Cuir isteach an sos atá in easnamh ar an scór thuas ag **X**.

(v) Sampla maith de *chlárcheol* is ea an *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet.* Mínigh.

**(10)**

**LEATHANACH BÁN**

**C.5 Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú TRÍ shliocht. Seinnfear gach ceann díobh TRÍ huaire.

- Freagair A, B agus C

**A.** Cloisfidh tú an chéad sliocht á sheinm TRÍ huaire.

(i) Cé acu DHÁ CHEANN de na huirlisí seo a leanas a sheinneann an tséis?

❒ veidhlín ❒ consairtín ❒ pianó

❒ cláirseach ❒ fliúit ❒ méarchlár

(ii) Sainaithin cineál rince an tsleachta seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Is í an rithim a bhaineann leis an rince seo ná

❒  ❒  ❒ 

**B.** Cloisfidh tú an dara sliocht á sheinm TRÍ huaire.

(i) Sainaithin an stíl chantaireachta seo _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin *agus* déan cur síos ar DHÁ ghné thraidisiúnta a bhaineann leis an stíl chantaireachta seo.

An chéad ghné: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

An dara gné: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**C.** Cloisfidh tú an tríú sliocht á sheinm TRÍ huaire.

(i) Ainmnigh an uirlis aonair ag tús an tsleachta ___________________

Ainmnigh trí uirlis eile a chloistear sa sliocht.

1. _________________ 2. _________________ 3. _________________

(ii) Sainaithin agus déan cur síos ar ghné *thraidisiúnta* amháin de chuid an léirithe seo.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(iii) Sainaithin agus déan cur síos ar ghné *neamhthraidisiúnta* amháin de chuid an léirithe seo.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**(25)**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar an gcurfá *Hallelujah* san oratóir *Messiah* de chuid Handel.

- Ní sheinnfear an sliocht iomlán ach AON UAIR AMHÁIN. Seinnfear ansin codanna A, B agus C, a tógadh as an sliocht seo, TRÍ huaire.
- Freagair na ceisteanna ar gach cuid.

**Section A**

- Tá an chéad 8 mbarra á gcanadh ag cór SATD clóbhuailte thíos. Beidh iontreoir cheolfhoirneach roimhe sin.




(i) Is é líon na mbarraí a sheinntear san iontreoir sula *dtosaíonn* an cór ag canadh ná

❒ 2 ❒ 3 ❒ 4

(ii) Is í an fhine cheolfhoirne a sheinneann in éineacht leis na hamhránaithe sa chuid seo ná

❒ na téaduirlisí ❒ na gaothuirlisí adhmaid ❒ na huirlisí práis

(iii) Cuir isteach an dá nóta séise atá ar iarraidh ar an scór ag **X**.

**Section B**

- Tá an chéad 11 bharra den dara cuid clóbhuailte thíos.



(i) Is í an léim atá ag **Y** ná

❒ tréach ❒ cúigeach ❒ ochtach

(ii) Cuir X ar an scór mar a seinneann na timpani den chéad uair sa chuid seo.

(iii) Is í an uirlis phráis a sheinneann sa chuid seo ná

❒ an trombón ❒ an corn Francach ❒ an trumpa

**Cuid C**

- Tá liricí tosaigh an téacs clóbhuailte anseo thíos.

Líne 1: The Kingdom of this world is become
Líne 2: The Kingdom of our Lord and of His Christ, and of His Christ
Líne 3: And He shall reign for ever and ever . . .

(i) Mol marcáil oiriúnach dhinimiciúil le haghaidh líne 1 agus líne 2 an téacs thuas.

Líne 1: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ Líne 2: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Is iad na guthanna *tosaigh* a chanann 'And He shall reign forever and ever' i líne 3 ná

❒ na hailt ❒ na teanóir ❒ na doird

(iii) Déan cur síos ar an mothú a chruthaíonn Handel sa chuid seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(20)**

**LEATHANACH BÁN**